C/2024/4267

2.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11159 — JD SPORTS / GROUPE COURIR)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4267)

1. An 21 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— JD Sports Fashion Plc Group ('JD Sports') (an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Pentland Group Holdings Limited ('Pentland' an Ríocht Aontaithe)

— Groupe Courir SAS ('Courir') (an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh Equistone VI FPCI (an Fhrainc)

Gheobhaidh JD Sports rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Courir ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is miondíoltóir earraí spóirt é JD Group, dírithe ar éadaí agus coisbheart spóirt. Ar fud an domhain, oibríonn sé trí mheán pointí miondíola éagsúla (ar líne agus trí níos mó ná 3,300 siopa fisiceach bríce agus moirtéal), tá gnó mórdhíola teoranta aige agus tá roinnt ionaid aclaíochta aige,

— Tá Courir gníomhach i miondíol éadaí spóirt, lena n-áirítear coisbheart, éadaí, agus gabhálais/trealamh brandaí lena n-áirítear Nike agus Adidas. San Eoraip, tá níos mó ná 300 siopa ag Courir, siopaí atá lonnaithe sa Bheilg, sa Danmhairg, sa Fhrainc, i Lucsamburg, san Ísiltír, sa Phortaingéil agus sa Spáinn. Tríd an gcainéal ar líne, gineann sé ioncam i ngach tír san Aontas seachas Málta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11159 — JD SPORTS / GROUPE COURIR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/An Bhruiséil
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').